Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 18 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7078/1/22**
**REV 1**

**LIMITE**

**AG 26**
**INST 70**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, an 22 Márta 2022<br>– An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí,  i gceangal leis seo, leagan leasaithe den pháipéar leathoifigiúil maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, arna tharraingt suas ag an Uachtaránacht, agus a phléifear ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 22 Márta 2022.

**Páipéar leathoifigiúil maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Togra ó Uachtaránacht na Fraince**

Ag eascairt as an bplé idir na Ballstáit ag na cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla is déanaí den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, molann an Uachtaránacht an mhodheolaíocht seo a leanas. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le forálacha an Dearbhaithe Chomhpháirtigh agus leis na rialacha nós imeachta agus ceadaítear leis obair na Comhdhála a thabhairt chun críche faoin 9 Bealtaine 2022.

**Dearbhú Comhpháirteach**

*'Le seisiún iomlánach den Chomhdháil, áiritheofar go ndéanfar plé ar na moltaí ó phainéil náisiúnta agus Eorpacha na saoránach, arna rangú de réir téama, gan toradh réamhchinntithe a bheith ann agus gan an raon feidhme a theorannú do réimsí beartais réamhshainithe. [...] Dréachtóidh agus foilseoidh an Bord Feidhmiúcháin na conclúidí ó Sheisiún Iomlánach na Comhdhála.*

*Comhaontóidh struchtúir na Comhdhála, ón tús agus ar bhonn comhthola, na módúlachtaí chun tuairisciú a dhéanamh ar na torthaí a thiocfaidh as na gníomhaíochtaí éagsúla arna ndéanamh i gcomhthéacs na Comhdhála. Déanfar toradh críochnaitheach na Comhdhála a thíolacadh i dtuarascáil chuig an Uachtaránacht Chomhpháirteach. Scrúdóidh na trí institiúid go pras conas is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil sin, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí. '*

**Rialacha nós imeachta**

Airteagal 17 – Cúraimí agus módúlachtaí oibre ag an gcruinniú iomlánach : '*Déanfaidh Cruinniú Iomlánach na Comhdhála díospóireacht agus plé ar na moltaí ó na Painéil Saoránach náisiúnta agus Eorpach, agus ar an ionchur a bhaileofar ón Ardán Digiteach Ilteangach, arna ghrúpáil de réir téamaí, agus lánurraim á tabhairt do bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh agus do Chairt na Comhdhála, gan toradh réamhchinntithe a bheith ann agus gan an raon feidhme a theorannú do réimsí beartais réamhshainithe. Tar éis na moltaí sin a thíolacadh agus a phlé leis na saoránaigh, cuirfidh an Cruinniú Iomlánach a mholtaí ar aghaidh, ar bhonn comhthola, chuig an mBord Feidhmiúcháin.* […]

*Ní mór teacht ar chomhthoil ar a laghad idir ionadaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh, agus ionadaithe ó na Parlaimintí náisiúnta, ar comhchéim. Más léir go bhfuil an seasamh iomlán éagsúil ó sheasamh a léirigh ionadaithe na saoránach sna himeachtaí náisiúnta agus/nó sna painéil saoránach Eorpach nó náisiúnta, ba cheart an méid sin a chur in iúl sa tuarascáil ón mBord Feidhmiúcháin.* '

Airteagal 18 – Conclúidí an Chruinnithe Iomlánaigh : '*Bunaithe ar phléití agus ar mholtaí Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin, ag gníomhú dó ar bhonn comhthola, tuarascáil a tharraingt suas, i ndlúthchomhar iomlán agus i dtrédhearcacht iomlán le Cruinniú Iomlánach na Comhdhála. Foilseofar an tuarascáil sin ar an Ardán Digiteach Ilteangach.* '

## Modheolaíocht atá beartaithe

### 1) Moltaí na bPainéal Saoránach

Ar bhonn na moltaí a ghlac na painéil saoránach Eorpach agus náisiúnta, agus ar bhonn na mbarúlacha ón ardán digiteach ilteangach (bunaithe ar an tuarascáil chríochnaitheach a d'ullmhaigh Kantar), déanfaidh an Chomhrúnaíocht na moltaí a ghrúpáil ina mbraislí téamacha ar bhealach neodrach oibiachtúil. I gcás gach braisle, déanfaidh an Chomhrúnaíocht tograí a tharraingt suas, ar thogra ón gcathaoirleach agus ó urlabhraí na saoránach ó gach meitheal lena mbaineann. Ba cheart dhá ghné a bheith sna tograí sin: 1. Cuspóir ginearálta beartais agus 2. Tacar beart lena chur chun feidhme. Ní mór na moltaí uile arna nglacadh ag na painéil saoránach a chur san áireamh sna tograí.

Díreoidh na meithleacha a gcuid oibre ar mholtaí na bpainéal Ssoránach, gan bearta nua a mholadh. Féadfar barúlacha ón ardán digiteach ilteangach a úsáid chun na bearta saoránach atá ann cheana a chomhlánú agus a léiriú.

### 2) Díospóireachtaí agus tograí sa chruinniú iomlánach

Beidh plé agus díospóireacht ag an gcruinniú iomlánach faoi na tograí sin i meithleacha agus i gcruinnithe iomlánacha an 25 agus an 26 Márta agus an 8 agus an 9 Aibreán.

Beidh an deis ag comhaltaí na Comhairle go háirithe plé a dhéanamh ar indéantacht agus ar impleachtaí reachtacha na mbeart atá beartaithe i bhfianaise na gcritéar seo a leanas: beartais an Aontais atá ann cheana, tograí lena n-éilítear leasuithe reachtacha, agus bearta lena n-éilítear leasuithe ar na Conarthaí.

Beidh ar na meithleacha na seasaimh agus na hanailísí a chuirtear ar aghaidh chuig na cruinnithe iomlánacha a ionchorprú ar bhealach trédhearcach chun teacht ar thograí comhdhlúite roimh an gcruinniú iomlánach an 29 agus an 30 Aibreán. Ag an gcruinniú iomlánach deireanach seo, cuirfear na tograí comhdhlúite do gach meitheal faoi bhráid an chruinnithe iomlánaigh.

Cinnfidh gach comhpháirt den chruinniú iomlánach cé acu de na tograí comhdhlúite a mheastar a bheith ar an tosaíocht is airde. Sa chruinniú iomlánach, molfar don Bhord Feidhmiúcháin rangú táscach a dhéanamh ar na tograí uile, rud a áiritheoidh breisluach an chruinnithe iomlánaigh agus moltaí tosaigh uile na saoránach á gcothabháil ag an am céanna.

**3) Dréachtú thuarascáil chríochnaitheach an Bhoird Feidhmiúcháin**

Idir an cruinniú iomlánach deireanach (an 29 agus an 30 Aibreán) agus an clabhsúr a bheidh ann an 9 Bealtaine, cinnfidh an Bord Feidhmiúcháin conas is mian leis conclúidí na Comhdhála a chur i láthair sa tuarascáil chríochnaitheach a chuirfear faoi bhráid na hUachtaránachta Comhpháirtí an 9 Bealtaine. Molaimid go n-eagrófaí an tuarascáil chríochnaitheach mar seo a leanas:
1. Tuarascáil ghearr ar gníomhaíochtaí 2. Cur i láthair na moltaí deiridh, lena ndéanfaí moltaí uile na saoránach a chumhdach in ord ordlathach.

**4) Clabhsúr an 9 Bealtaine**

An 9 Bealtaine, cuirfidh triúr Comhchathaoirleach an Bhoird Feidhmiúcháin an tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid Uachtaránacht Chomhpháirteach na Comhdhála (Uachtaráin an Choimisiúin, Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh). Beidh gach institiúid freagrach ansin as moltaí críochnaitheacha na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a chur chun feidhme, laistigh dá sainchúram. Déanfaidh na comhchathaoirligh obair leantach agus tabharfaidh siad aiseolas do na comhaltaí den chruinniú iomlánach faoi staid na himeartha agus faoi chur chun feidhme na dtograí.